

Glac páirt san Áireamh Féileacáin agus Leamhain sa Ghairdín	
D'Ainm:	Do Sheoladh:
Suíomh an Ghairdín:	<input type="checkbox"/> an chathair istigh <input type="checkbox"/> bruachbhaile cathrach <input type="checkbox"/> faoin tuath
Méid an Ghairdín:	<input type="checkbox"/> Beag <input type="checkbox"/> Ar Mheánmhéid <input type="checkbox"/> Mór
Líon a Chonacthas: Taifead gach speiceas féileacáin agus leamhain a chonacthas sa ghairdín le do thoil, agus marcáil an líon a chonacthas an dáta sin agus na cóid seo á n-úsáid agat:	
A: 1 B: 2-9 C: 10-29 D: 30-99 E: 100 nó níos mó	
Bain úsáid as na línte folamha le haghaidh aon fhéileacáin nó leamhain eile dá bhfeiceann tú.	
Féileacáin	Dátaí na dTaifead
Buíóg Ruibheach Gormán Coiteann Geatóir Bánóg Uaine Gormán Cuilinn Bánóg Mhór Donnóg Fhéir Barr Bui Áilleán Péacóg Aimiréal Dearg Fáinneog Copróg Bheag Ruán Beag Bánóg Bheag Breacfhéileacáin Coille Donnóg an Bhalla	
Leamhain	
Leamhain Ciumhaismhaisithe Conach Foluana Breacóg Leamhain Tiograch Dearg	

Bagairtí ar Fhéileacáin agus Leamhain

Is é an phríomhbhagairt ar Lepidoptera ná gnáthóga a bheith á gcailleadh, de bharr talamh a bheith á tabhairt chun mintíreachais go príomha chomh maith le fála a bheith á mbaint amach, crainn a bheith á leagan, bóithre a bheith á leathnú, draenáil agus an talamh a bheith á shaothrú níos déine ar mhaithe le talmhaíocht. Bagairt fosta úsáid a bheith á baint as feithidicídí agus ní amháin go maraíonn siad féileacáin agus leamhain ach go leor feithidí chomh maith ar creachóirí iad, amhail Bóiní Dé, Ciaróga Talún agus damháin alla – namhaid nádúrtha lotnaidí do ghairdín.

Féileacáin agus Leamhain i gcló

BUTTERFLIES OF IRELAND

Cairt Aitheantais arna foilsíú ag Cumann Allamuigh Nádúraithe Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 1999.

Collins Guide to the Insects of Britain and Western Europe le M. Chinery, arna foilsíú ag HarperCollins, Londain 1986.

Gardening for Butterflies le Margaret Vickery, arna foilsíú ag *Butterfly Conservation, Essex* 1998.

The Birds and Wildlife in Your Garden le Catherine O'Connell, arna foilsíú ag Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Baile Átha Cliath 2002.

The Millennium Atlas of Butterflies in Britain and Ireland le Jim Asher agus daoine eile, arna foilsíú ag *Oxford University Press* 2001.

The Small Ecological Garden le Sue Strickland, arna foilsíú ag HDRA/Search Press, Kent 1996.

Féileacáin agus Leamhain ar an nGréasán

Is féidir breis eolais ar fhéileacáin agus leamhain a aimsiú ar na láithreáin seo a leanas:

Féileacáin agus leamhain Thuaisceart Éireann ag www.habitas.org.uk

Féileacáin na hÉireann ag www.geocities.com/butterflyireland agus www.geocities.com/dnfc_ie

Féileacáin agus leamhain na Ríochta Aontaithe ag www.butterfly-conservation.org

Arna ullmhú ag Dr Catherine O'Connell, Ceann an Oideachais, Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann 119 Sráid Chéipil, Baile Átha Cliath 1. Márta 2003

Saothar Ealaíne na bhFéileacáin faoi chóipcheart Hugh W.L. Wier & Tomás Porcell, Bell'acards, An Geata Bán, Co. an Chláir.



Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: (01) 8883910
Lóghlaoch: 1890 200191
Faics: (01) 888 3946
r-phost: info@enfo.ie
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údarais Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Printed by Print and Promotions.

Tel: 087 2567205

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte Márta 2004





AN FIADHÚLRA

eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie



Féileacáin & Leamhain sa Ghairdín

Tá féileacáin agus leamhain ina mbaill den ord céanna, na Lepidoptera (focal a chiallaíonn 'eítí gainneacha' nó 'scaly'). Tá breis is 1,000 speiceas leamhan in Éirinn, i gcomparáid le díreach 37 gcineál féileacáin a dhéanann cónaí anseo. Is iomaí bealach a bhfuil siad ar aon ghné lena chéile ó thaobh a n-iompair agus an chuma atá orthu. Sár-áit is ea gairdíní le féileacáin a fhéachaint. Is iomaí uair a chloig is féidir a chaitheamh go taitneamhach ag breathnú ar na hainmhithe áille seo agus iad ag damhsa ó bhláth go bláth i mí Mheithimh agus Iúil. Neamhionann lena cheapann daoine de ghnáth, bíonn go leor leamhan gairdín dathúil freisin, agus marcanna áille ar a gcuid eítí a bheadh inchomórtais le marcanna aon fhéileacáin. Feithidí eitilte oíche is ea a bhformhór – chun creachóirí a sheachaint – ach eitlions líon beag díobh i rith an lae ach oiread le féileacáin. D'fhéadfadh gairdín cabhair thábhachtach a thabhairt ionas go mairfidh na feithidí seo buan agus gnáthóga nádúrtha na bhféileacáin agus na leamhan ag imeacht i léig ar ráta scáfar.

Garraíodóireacht le hAghaidh Féileacáin agus Leamhan

Ní mórán dua ná costas a bhaineann le nósanna garraíodóireachta a fháil go meallfar féileacáin agus leamhain chun do ghairdín agus is fiú go mór an tairbhe an trioblóid. Seo roinnt treoirilínte:

- Tugann féileacáin agus leamhain cuairt ar ghairdíní chun neachtar a ól as bláthanna, mar sin, cuir an oiread plandaí difriúla neachtair agus is féidir i limistéir ghrianmhara ar foscadh. Tairg neachtar ó Bhúidlia,

Plandaí Neachtair i Rith Shéasúr na bhFéileacáin agus na Leamhan

Neachtar Earraigh

Áibréise	Goirmín/
Coinnle Corra	Sailchuach
nó Cloigín gorm	Seamair
Biolar Gréagáin	Nóinín
Caisearbhán	Lus Míonla
Sailchuach na Gealaí	Sabhaircín
Ruachán Cumhra	Lus an Bhalla

Neachtar Amach sa Samhradh/San Fhómhar

Búidlia	Oighearphlanda
Ceannbhán Bui	Miontas
Nóinín Mór	Slán Iomaire
Eidhneán	Cab an Ghasáin
Cnapán Dubh	Tím
Labhandar	
Oragán	

Liológ, Oighearphlanda, Oragán, Cab an Ghasáin, Cnapán Dubh, Nóinín Móra, agus ó Fhéithleann d'fhéileacáin fhásta na speiceas seo a leanas: an Phéacóg, Ruán Beag agus an tAimiréal Dearg. Spreagfar go leor leamhan eitilte lae agus oíche ach raon leathan de phlandaí éagsúla neachtair a chur. D'fhéadfadh leamhain amhail Leamhan Imirce Airgeadúil Y, an Fho-eite Bhuí Mhór, Libhré Tearc, Odhróg Chrón, Leamhan Cré, Leamhan Stuaadhubh agus Dairt Spóil cuairt a thabhairt ar Bhúidlia, Chaorthann Corraigh, Chab an Ghasáin, Labhandar, Phraiseach Chaindiach, agus Niamhscóth.

- Téann an neachtar a tháirgeann plandaí i dtiús in aimsir the de réir

mar a théann triomach do phlandaí. Ní bhíonn féileacáin agus leamhain in ann neachtar tiubhaithe a shú. Coinnítear neachtar tanaí ach na plandaí a uisciú. Bailigh soláthar d'uisce báistí i gcascaí beaga atá curtha faoi bhun píopaí draenach ó bharr dín tí agat.

- Cuir tor an fhéileacáin nó Búidlia amháin ar a laghad agus coinnigh ort á bhearradh leis an mbláthú a spreagadh. Is breá ar fad leis an Leamhan Tiograch Garraí an Búidlia ach oiread le 18 speiceas féileacáin. Cuir an Búidlia in áit ghrianmhar agus bearr go díograiseach i mí Mhárta é. Bain diasa atá faoi bhláth neamhbheo den Bhúidlia lena chinntiú go dtagann sé faoi bhláth ó mhí Iúil go dtí mí Mheáin Fhómhair. Éiríonn go maith leis an mBúidlia ach é á fhás i ngabhdaín (containers) mura bhfuil mórán spáis agat.
- Suigh plandaí le haghaidh féileacáin agus leamhan gan ach achar chomh beag agus is féidir de thalamh lom idir na plandaí.
- Cuir bláthanna cumhra oíche amhail Coireán Cuile, Coinneal Oíche, Ruachán Cumhra, Lus an Tobac, Seasmáin Bhán agus Tonóg Chladaigh le leamhain a mhealladh. Má bhíonn cuid mhór feithidí ag eitilt istoíche, d'fhéadfadh ialtóga teacht le hiad a ithe.
- Fás plandaí a bheadh ina mbia ag boilb (caterpillars) amhail Neantóga, Eidhneán, féir fhada agus Gleoráin.
- Seachain cosáin fhairsinge nó plásóga lomtha.
- Más féidir, tabhair foscadh ar ghaotha fuara aduaidh agus anoir.
- Cuir eidhneán. Bíonn na bláthanna a

tháirgtear san fhómhar ina bhfoinse neachtair d'fhéileacáin speicis an Aimireil Dheirg agus do go leor leamhan. D'fhéadfadh féileacáin speiceas na Péacóige agus Ruáin codladh geimhridh a dhéanamh in Eidhneán i gcaitheamh an gheimhridh. Spreag an t-eidhneán le bláthghais a tháirgeadh trí na buinneáin bhairr a tharraingt ar shiúl amach óna gcrabha taca ionas go mbeidh siad ar crochadh gan srían orthu. Is é an t-Eidhneán planda bia bhoilb an Ghormáin Chuilinn freisin.

- Cabhraigh le gnáthóga d'fhéileacáin agus leamhain thearca a chaomhnú lasmuigh de do ghairdín. Ná ceannaigh múiríní (composts) a rinneadh de mhóin, d'aolchloch dhobharchaite (water-worn) nó d'ábhair eile a dhéanann gnáthóga nádúrtha fíor-riachtanacha do leamhain agus d'fhéileacáin atá i mbaol.
 - Má bhíonn ort péisteanna cabáiste a rialú i do cheapach ghlasraí, ná téigh i muinín na gceimiceán choíche. Is saoire agus is neamhdhiobhálaí don chomhshaol iad a bhaint amach de láimh. Itheann péisteanna cabáiste Gleoráin freisin mar sin biodh an planda seo á fhás agat in éineacht le do chuid glasraí chun na péisteanna a chur ar mhalairt slí amach uathu.
 - Is maith mar a éiríonn le plandaí breátha neachtair amhail Oragán, Tím, Ceannbháin Bhuí, Lusanna an Bhalta, Gleoráin, agus Oighearphlanda agus iad i ngabhdáin agus i mboscaí fuinneoige, mar sin d'fhéadfadh an gairdín is lú bia luachmhar a sholáthar d'fhéileacáin agus a gcuid bolb fiú.
 - Fág cúinne de do ghairdín gan saothrú go dté sé i bhfiáin le féileacáin, leamhain agus fiadhúlra eile a spreagadh.
1. Is é an chéad fhéileacáin le teacht amach as codladh an gheimhridh le linn theas cineálta an earraigh ná an Ruán Beag, agus tá sé ar na

Bláthanna Cumhra Oíche do Leamhain

Coireán Cuile
Coinneal Oíche
Ruachán Cumhra
Lus an Tobac
Seasmáinn Bhán
Tonnóg Oíche
Féithleann



féileacáin is coitianta dá bhfuil ann.

2. Is éasca an Barr Buí fireann a aithint ar a eití. Bíonn dath deimhneach flannbhúí geal ar bharr a eití uachtair.
3. Tagann an Bhánóg Mhór amach faoin gcuid deiridh den earrach agus féileacáin an-fheiceálach atá inti. Dath bán a bhíonn ar a heití uachtair agus bíonn baill dhubha iontu gar do rinn na n-eití.
4. Baineann an Phéacóg úsáid as na súile móra ar a heití le teitheadh a chur ar ainmhithe a bheadh ag iarraidh í a ionsáí. Beireann an Phéacóg a huibheacha ar Neantóga agus táirgeann sí glúin fhómhair d'fhéileacáin óga a chaitheann an geimhreadh i loig na gcrann, i gcairn de bhloic adhmaid nó i bhfoirgnimh nach gcuirtear isteach orthu. Feictear i mí an Aibreáin agus go luath i mí na Bealtaine í.
5. Is fearr leis an nGormán Coiteann bláthanna léana (wild flowers) i dtailte féaraigh nach bhfuil á

saothrú – bíonn dhá hál aici gach bliain agus éiríonn sí ar eitileog go luath sa samhradh.

6. Bíonn an Gormán Cuilinn ag eitilt léi anseo is ansiúd i mí Mheithimh i measc an Chuilinn agus an Eidhneáin. Ní bhíonn sí ag eitilt ach ar feadh roinnt seachtainí in aghaidh na bliana.
7. Bíonn eití donna dorcha ar an Donnóg Fhéir agus bíonn súile móra le feiceáil ar chúlra flannbhúí orthu. Bíonn sí ag eiteallach thar fhéir fhada sa ghairdín.
8. Is é an Bhuíóg Ruibheach an féileacáin buí is mó in Éirinn agus meallann an Ramhdhraighean í.
9. Téann féileacáin speiceas an Aimireil Dheirg agus 10. an Áilleáin ar imirce ó dheisceart na hEorpa agus ón Afraic i mí Lúnasa. Bíonn siad ró-leochaileach leis an ngeimhreadh a shárú anseo mar sin beidh na mílte cileamadar d'eitilt go hÉireann curtha díobh ag na chéad chinn a



fheicfidh tú. Bíonn 11. Donnóg an Bhalla agus 12. Copróg Bheag na ndathanna geala le feiceáil ag eitilt sa ghairdín an tráth seo.

Bia do Bhoilb Fhéileacán agus Leamhain

- *Cuir fáilte roimh bhoilb fhéileacán. Bíonn Neantóga ina mbia fíor-riachtanach do bhoilb na Péacóige, an Ruáin Bhig agus an Aimiréil Dheirg agus do bhoilb na Leamhan Tíograch Dearg agus na Leamhan Spéaclach. Gearr cuid de na Neantóga (seiceáil nach bhfuil aon bhoilb orthu ar dtús) siar go rialta le fás óg úr a spreagadh. Is féidir an t-achar a leathnaíonn siad amach sa ghairdín a theorannú ach iad a fhás i ngabhán mór agus é curtha síos sa talamh in áit ghrianmhar.*
- *Bíonn paistí d'fhéir fhada agus de phlandaí móineir lena n-áirítear Feiscithe, Beintigh agus luibheanna amhail Seamair (clover), Buachalán Buí (ragwort), Rú Mhuire, Tim agus Crobh Éin (Birdsfoot Trefoil) fíor-riachtanach do bhoilb na bhféileacán seo a leanas: Breacfhéileacán Coille, Geatóir, Donnóg Fhéir agus Fáinneog agus do bhoilb na leamhan seo a leanas: Fo-eite Bhuí Mhór, Leamhan Stuardhubh, Leamhan Ibheach, Buirnéad Sébhallach, Odróg Chaol, Sliogán Buí, Leamhan Cré, Odróg Chrón, Ribín Tonnach, Dairt Spóil agus Leamhan Airgeadúil Y. Gearr an "móineár" ag deireadh an tsamhraidh agus a gcuid síolta curtha ag na féir agus na bláthanna. Bain amach an "féar tirim" ina dhiaidh.*
- *Tá crainn amhail Sceach Gheal, Spionán, Cuiríní agus Draighean ina bplandaí bia don Bhreacóg, Stuaibhuí, Leamhan Earrbhuí, Leamhan Ruibheach, Comhartha Síneach, Dosach Coill, Miodóg Dhorcha agus Dealg Dharach.*
- *Cuir Eidhneán – an planda bia do bhoilb an Ghormáin Chuillinn.*

An Tráth is Fearr le Féileacán agus Leamhain a Fheiceáil

Ritheann séasúr na bhféileacán ó mhí Aibreán go mí Mheáin Fhómhair gach bliain. Is dócha gurb iad míonna an Mheithimh agus Iúil na míonna is fearr. Bíodh súil in airde agat le leamhain sa ghairdín le contráth na hoíche le linn mhíonna an tsamhraidh. Má théann tú ar safaráí le solas tóirse thart ar do chuid tor Buidlia agus é

dorcha, nochtófar leamhain amhail Leamhan Airgeadúil Y, Áilleog Sailí, Leamhan Néamhannach agus an Leamhan Ruibheach.

Conas Leamhain a Mhealladh

Meallann soilse leamhain. B'fhéidir gurb amhlaidh seo mar gheall ar an bhfíric go stiúran leamhain a dtreo trí iad féin a choinneáil ar uilinn dho-aistrithe le solas na gealaí, ach díronn siad isteach ar aon solas geal ar oíche scamallach nó rédhorcha.

Modh simplí saor le leamhain a mhealladh chun an ghairdín ná braillín bán a leathadh faoi bhun solais agus fanacht go socróidh na leamhain. D'fhéadfá solas an tseomra folctha a fhágáil ar siúl agus an fhuinneog ar oscailte mar rogha air sin! Bí cúramach iad a scaoileadh gan díobháil a dhéanamh dóibh.

Na Féileacán agus na Leamhain i do Ghairdín a Chomhaireamh

Bíonn líon is lú ná 20 féileacán i ngairdíní ach tugann na céadta féin de leamhain cuairt orthu, istoiche go príomha. Is éasca féileacán agus leamhain a thaifeadadh sa ghairdín agus is mór an luach a bhaineann leis an eolas lena chinntiú go gcaomhnófar na speicis seo. Tá na féileacán a thaifeadtar go coitianta i ngairdíní curtha san áireamh san fhoirm suirbhé atá curtha ar fáil taobh leis seo, chomh maith leis an gceithre leamhain eitilte lae a d'fhéadfá a fheiceáil i do ghairdín. Níl le déanamh agat ach líon na bhféileacán agus na leamhain a fheiceann tú sa ghairdín in imeacht na bliana a thaifeadadh, agus an dáta

cuinn a chonaic tú iad. Méadóidh tú líon agus éagsúlacht na bhféileacán a thaifeadófar ach áit neamhdhíobhálach fháiltiúil a dhéanamh de do ghairdín d'fhéileacán agus leamhain. Is féidir do chuid taifead féileacán a sheoladh chuig *Butterfly Conservation* sa Ríocht Aontaithe nó chuig Cumann Allamuigh Nádúraithe Bhaile Átha Cliath in Éirinn.

Áireamh na bhFéileacán Gairdín

Is iad an cúig fhéileacán gairdín is forleithne ná an Bhánóg Mhór, an Bhánóg Bheag, an tAimiréal Dearg, an Ruán Beag, an Donnóg Fhéir, an Barr Buí, an Bhánóg Uaine agus an Phéacóg. Is é seo an cineál eolas agus cuid mhór lena chois atá tagtha ó Áireamh na bhFéileacán Gairdín atá á chomhordú ag *Butterfly Conservation*, ó 1990. Cabhraíonn an suirbhé, atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe faoi láthair, le caomhantóirí monatóireacht a dhéanamh ar na féileacán atá níos coitianta agus níos mó a fháil amach faoina n-iompar. Tá breis eolais ar fáil ó *BUTTERFLY CONSERVATION, Manor Yard, East Lulworth, Wareham, Dorset BH20 5QP, Sasana*. Láithreán Gréasáin: www.butterfly-conservation.org

Suirbhé Féileacán na Mílaoise

Is féidir taifid ar fhéileacán na hÉireann a sheoladh chuig CUMANN ALLAMUIGH NÁDÚRAITHE BHAILE ÁTHA CLIATH, 35 Páirc Nutley, Baile Átha Cliath 4, mar chuid de Shuirbhé Féileacán na Mílaoise le dáileadh na bhféileacán in aon láthair a thaifeadadh.

Bia do Bhoilb Fhéileacán agus Leamhan

Planda Bia	Féileacán	Leamhain
Neantóg Loiscneach	Ruán Beag	Leamhan Tíograch Dearg
	Péacóg	Leamhan Spéaclach
	Aimiréal Dearg	Prásach
Cuilleann agus Eidhneán	Gormán Cuilinn	
Bóchoinneal	Barr Buí	
	Bánóg Uaine	
Paide Bréan	Buíóg Ruibheach	Leamhain
		Ciumhaismhaisithe
Draighean Fearna	Buíóg Ruibheach	
Buachalán Buí		Leamhan Flanndearg
Leamhán		Conach Foluana
Biolar Gréagáin	Barr Buí	
	Bánóg Uaine	